Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Iúil 2017
(OR. en)

11334/17

COHAFA 59
DEVGEN 176
ALIM 13
ONU 105
FAO 30
COAFR 214
MAMA 150
MOG 63
COEST 191
COASI 99
COLAC 62
PROCIV 64
RELEX 662

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	17 Iúil 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	11134/17 COHAFA 55 DEVGEN 165 ALIM 11 ONU 97 FAO 24 COAFR 216 MAMA 140 MOG 59 COEST 181 COASI 89 COLAC 57 PROCIV 61 RELEX 636
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le baol gorta (17 Iúil 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscíbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le baol gorta, a ghlac an Chomhairle ag an 3557ú cruinniú dá cuid ar an 17 Iúil 2017.

IARSCRÍBHINN

Conclúidí ón gComhairle maidir le baol gorta

1. Tháinig méadú as cuimse, nach bhfacthas riamh roimhe seo, ar riachtanais dhaonnúla in 2017. Áirítear orthu sin go leor géarchéimeanna slándála bia fadtéarmacha agus baol gorta a bheith ag bagairt ar cheithre thír: Éimin, Oirthuaisceart na Nigéire, an tSomáil agus tSúdáin Theas. Ar an iomlán, tá tuairim is 20 milliún duine i mbaol gorta sna tíortha sin. Tá tionchar tromchúiseach aige seo ar na pobail atá thíos leis. Ina theannta sin, bíonn mná agus cailíní i mbaol níos mó mar gheall ar na géarchéimeanna seo agus tuairiscítear go bhfuil an foréigean gnéasach agus an foréigean inscne ar siúl go forleathan. Is géarchéimeanna de dhéanamh an duine iad seo a chothaítear mar gheall ar choinbhleachtaí agus éagobhsaíocht agus a ghéaraítear mar gheall ar dhálaí adhaimsire.

2. Thug an tAontas gona Bhallstáit aghaidh air seo, agus chuir siad leis an bhfreagairt ar na géarchéimeanna seo trí chistiú daonnúil a mhéadú, lena n-áirítear trí chomhdhálacha a eagrú ag ar gheall deontóirí go gcabhróidís leis an gceithre thír agus lena réigiúin. I mbliana amháin, tá breis agus EUR 1.2 billiún curtha ar fáil ag an Aontas gona Bhallstáit mar chabhair dhaonnúil don cheithre thír atá i mbaol gorta.

3. Cé gur chabhraigh na hiarrachtaí seo le feasacht a mhúscailt agus le hairgead a thiomsú don fhreagairt dhaonnúil, tá bearnaí fós ann agus obair go leor fós le déanamh. Iarrann an Chomhairle ar dheontóirí traidisiúnta agus ar dheontóirí atá ag teacht chun cinn dul i gcomhar leis an Aontas gona Bhallstáit chun borradh a chur faoin gcistiú don cheithre réigiún a bhfuil an ghéarchéim iontu. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí i ngníomh na gealltanais uile a rinneadh agus go dtabharfaí cúnamh, a luaithe agus is féidir, do na daoine atá thíos leis an bhfadhb.

4. Níl i gceist leis an gcistiú ach cuid den réiteach, áfach. Is de dhéantús an duine na géarchéimeanna seo agus an choinbhleacht mar chúis leo, rud a fhágann gur réitigh pholaitiúla a bhíonn de dhíth sa bhreis ar an gcúnamh daonnúil. Bíonn an choinbhleacht mar chúis le neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus míchothú tromchúiseach óir géaraíonn sí na fadhbanna sin; baineann sí de theacht aniar na dtíortha aghaidh a thabhairt ar dhálaí gan dréim, amhail tubaistí nádúrtha agus ardú ar phraghas an bhia. Cuireann an t-athrú aeráide agus athruithe ar an gcomhshaol isteach ar shlándáil an tsoláthair bia agus ar an tslándáil chothaithe go bhfágann ganntanas uisce, triomach, fairsingiú fásaigh agus díghrádú talún ann. D'fhéadfadh treochtaí déimeagrafacha amhail méadú daonra agus uirbiú na fadhbanna seo a dhonú. Anuas air sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh neamhdheimhneacht an tsoláthair bia le teannas sóisialta agus polaitiúil ionas gur coinbhleacht agus foréigean a thiocfadh as an teannas sin.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur le réitigh pholaitiúla amháin is féidir deireadh a chur le timthriallta na riachtanas seo. Caithfidh an comhphobal idirnáisiúnta leanúint de bhrú a chur ar na páirtithe go léir chun deireadh a chur le coinbhleachtaí agus ní mór dó a bheith ag tacú go gníomhach leis na próisis pholaitiúla a mbíonn réitigh inbhuanaithe mar thoradh orthu. Is den riachtanas é infheistiú a dhéanamh chun coinbhleachtaí a chosc go réamhtheachtach. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair gur gá aird pholaitiúil a dhíriú ar an earnáil seo agus infheistíocht a dhéanamh inti, lena n-áirítear idirghabháil agus anailís chomhpháirteach a dhéanfadh institiúidí an Aontais, SEGS agus na Ballstáit agus, nuair is iomchuí, i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus leis an mBanc Domhanda. Is le luath-shainaithint ar rioscaí agus dinimic na coinbhleachta foréigní, mar aon leis an luathghníomh, is éifeachtaí is féidir rioscaí féideartha nua a mhaolú.

6. Fágann an foréigean, an éiginnteacht agus baic riaracháin gur taobh le rochtain theoranta a bhíonn lucht na cabhrach daonnúla, nó go mbíonn siad ar uairibh gan rochtain ar bith orthu siúd a bhíonn i ngátar. Iarrann an tAontas ar na páirtithe ábhartha uile rochtain gan bhac a cheadú do lucht na cabhrach daonnúla ar dhaoine atá i ngátar agus deireadh a chur le baic lena gcuirtear cosc ar an gcúnamh tarrthála a sheachadadh. Ní mór do na páirtithe uile an dlí daonnúil idirnáisiúnta, an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus prionsabail dhaonnúla a urramú. Is ionann úsáid an ocrais mar uirlis troda agus sárú tromchúiseach ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; cáineann an tAontas a leithéid go géar. Tacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí ar fad a dhéanann na Ballstáit, na Náisiúin Aontaithe, Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus an pobal daonnúil chun éascú a dhéanamh ar chúnamh daonnúil a sholáthar, feabhas a chur ar rochtain lucht na cabhrach daonnúla agus coinbhleacht a réiteach.

7. Ba cheart do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear an tAontas gona Bhallstáit, gealltanais bheartais a comhaontaíodh a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht na gníomhaíochta daonnúla a mhéadú, lena n-áirítear i gcás géarchéimeanna lena mbaineann baol gorta. Chuige sin, is gá gealltanais an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda a chur chun feidhme − lena n-áirítear an Margadh Mór do na páirtithe sin a chláraigh dó − maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus gníomhaíocht spriocdhírithe atá bunaithe ar anailís láidir ar riachtanais an phobail, agus lena dtugtar tús áite dóibh siúd is laige. Ach tuilleadh den chistiú ilbhliantúil agus den chúnamh neamh-shainsannta a chur go leataobh, is féidir dlús a chur leis an éifeachtúlacht agus tacú le hidirghabhálacha níos straitéisí. Tá gá le solúbthacht i dtaobh an chistithe freisin chun comhpháirtithe s'againne a chumasú ionas gur féidir leo iad féin a chur in oiriúint do riachtanais agus do dhálaí síorathraitheacha na linne. Ach úsáid níos córasaí a bhaint as aistrithe airgid chuig tairbhithe, i gcás inarb iomchuí, is féidir an éifeachtúlacht a mhéadú, an dínit a áirithiú agus tacú le margaí áitiúla agus le téarnamh.

8. Ba cheart tionchar réigiúnach na gceithre ghéarchéim sin, a d'fhág gur tharla gluaiseachtaí mórscála dídeanaithe chuig tíortha comharsanachta – rud ba chionsiocair le riachtanais dhaonnúla nach bhfacthas a leithéid riamh sna réigiúin sin – ba cheart sin a léiriú i bpleananna freagartha na dtíortha lena mbaineann. Leanann an tAontas de thacú le hiarrachtaí na dtíortha comharsanachta cead isteach a thabhairt do dhídeanaithe, agus tacaíonn sé le seoladh tionscanamh amhail Creat Cuimsitheach Freagartha do Dhídeanaithe chun réitigh fhadtéarmacha atá níos oiriúnaí a aimsiú ina gcás siúd ar dídeanaithe iad, go háirithe dídeanaithe ar fada easáitithe iad.

9. Creideann an Chomhairle nach mór do ghníomhaithe daonnúla, do ghníomhaithe forbartha agus do ghníomhaithe polaitiúla oibriú le chéile ar bhonn níos dlúithe chun torthaí comhchoiteanna inbhuanaithe a bhaint amach de thaca le Clár 2030 agus a bheith ag teacht leis an tionscadal atá beartaithe ag na Náisiúin Aontaithe – 'Bealaí Nua Oibre'. Faoi mar a tugadh achoimre air sa Teachtaireacht Chomhpháirteach le déanaí maidir le teacht aniar[1], áirítear air sin teacht aniar a chothú i gcás an stáit agus na sochaí i dtaca leis na tosca ba shiocair le gorta; aghaidh a thabhairt ar laigí agus ar an mbrú is cionsiocair le neamhdheimhneacht thromchúiseach an tsoláthair bia agus le géar-mhíchothú; leanúint den fhaireachán agus den phrasghníomhú de fhreagairt ar na córais réamhrabhaidh – sula dté cúrsaí chun ainsil ar fad agus sula dté tuilleadh tnáite ar a gcumas siúd atá i gceist an fód a sheasamh nó go dtaga siad ón ngéarchéim. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh tríd an acmhainn áitiúil a bhunú, an rialachas a neartú agus infheistíocht a dhéanamh i gcórais inbhuanaithe don tslándáil bia ar córais iad a bheidh in ann ag an leochaileacht fhadtéarmach agus ag dálaí gan dréim. Ní mór an chiall a cheannach i dtaca leis na ceithre ghéarchéim seo ionas gur fearrde a rachfar i ngleic leo féin agus lena leithéidí eile de ghéarchéimeanna dar siocair neamhdheimhneachta an tsóláthair bhia.

---

[1] 10184/17

10. Leanfaidh an Chomhairle dá hachainí ar son comhlántacht níos fearr a bheith idir an cúnamh daonnúil agus an cúnamh forbartha, i gcomhréir leis na conclúidí maidir leis an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt a chur i ngníomh[2]. Tá ról tábhachtach ag gníomhaithe forbartha agus ag institiúidí airgeadais chun rochtain ar chúram sláinte agus ar an oideachas a fheabhsú agus chun cuidiú le slí bheatha na ndaoine a chaomhnú agus tionchar an díghrádaithe comhshaoil agus an athraithe aeráide ar an bhforbairt a laghdú.

11. Measann an Chomhairle gur den riachtanas é iarrachtaí comhordaithe a mhéadú, ní hamháin i measc gníomhaithe daonnúla agus gníomhaithe forbartha ach i gcás pleananna freagartha náisiúnta rialtais freisin, más cuí. Ba cheart neartú an teacht aniar a bhíonn sa tír nó sa réigiún i gcás géarchéim dhaonnúil a bheith ina chuid lárnach den idirphlé polaitiúil le tíortha comhpháirtíochta. Is den riachtanas é úinéireacht dhaonlathach náisiúnta agus úinéireacht dhaonlathach áitiúil a bheith ann i dtaca lenár n-iarrachtaí coisctheacha agus lenár n-iarrachtaí teacht aniar. Is ionann sin agus béim níos mó a chur ar an ní sin is príomhchúram do gach rialtas – freastal ar bhunriachtanais a mhuintire féin.

---

[2] 9383/17